CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Iúil 2023

lena gceaptar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

(2023/C 275/07)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh ([1]) agus go háirithe Airteagal 158(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tiocfaidh deireadh le téarma oifige Stiúrthóir Feidhmiúcháin reatha Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 30 Meán Fómhair 2023. Is gá, dá bhrí sin, Stiúrthóir Feidhmiúchán nua ar EUIPO a cheapadh.

(2) I litir dar dáta an 6 Meitheamh 2023, chuir Bord Bainistíochta EUIPO liosta na n-iarrthóirí ar phost Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO faoi bhráid na Comhairle,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, ceaptar João Nuno MAROCO AMARAL NEGRÃO mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ar feadh téarma 5 bliana.

2. Cuirfear tús leis an téarma 5 bliana dá dtagraítear i mír 1 an 1 Deireadh Fómhair 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
L. PLANAS PUCHADES

([1]) IO L 154, 16.6.2017, lch. 1.